CUMARSÁID TRÍ THEACHTAIREACHT TÉACS AGUS RÍOMHPHOST – Toiliú Othair

1. Toilím leis an gcleachtas teagmháil a dhéanamh liom trí theachtaireacht téacs agus ríomhphost chun meabhrúcháin maidir le coinní a sheoladh chugam chomh maith le fógraí go bhfuil torthaí tástála réidh.

2. Aithním gur seirbhís bhreise í meabhrúcháin i ndáil le coinní a sheoladh trí théacs nó ríomhphost, go bhfuil an seans ann nach seolfar i gcónaí iad agus gur orm féin atá an fhreagracht i gcónaí as freastal ar choinne nó an choinne a chur ar ceal. Tuigim nach mór dom glaoch ar an lialann mura bhfuil mé in ann freastal ar an gcoinne.

3. Úsáidtear saoráid shlán chun teachtaireachtaí téacs a ghineadh, ach tuigim go ndéantar iad a tharchur thar líonra poiblí chuig teileafón pearsanta agus go bhféadfaidís, ar an ábhar sin, gan a bheith slán.

4. Ní chuireann an lialann áis freagartha ar fáil chun a chur ar chumas na n-othar freagra a thabhairt ar theachtaireachtaí téacs go díreach.

5. Aontaím an lialann a chur ar an eolas má athraíonn m’uimhir fón póca nó mura bhfuil an fón i mo sheilbh a thuilleadh.

6. Admhaím nach modh slán an córas ríomhphoist chun tabhairt faoi chomhfhreagras, bíodh is go nglacfaidh an lialann le bearta réasúnta chun slándáil agus rúndacht na faisnéise ríomhphoist a sheoltar agus a fhaightear a chosaint, agus tá comhairle curtha orm gan aon fhaisnéis íogair a aistriú san fhormáid seo.

7. Admhaím go ngabhann rioscaí le cumarsáid ríomhphoist, agus seo a leanas roinnt de na rioscaí sin:

- Is féidir ríomhphost a chur ar aghaidh, a phriontáil agus a stóráil i bhfoirmeacha éagsúla páipéir agus leictreonacha, agus is féidir é a sheoladh chuig go leor faighteoirí, idir bheartaithe agus neamhbheartaithe, gan an seoltóir a bheith ar an eolas faoi, nó cead a bheith tugtha
- D’fhéadfadh seoltóir nó faighteoir ar bith ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh mícheart
- Is furasta ríomhphost a bhrionnú ná cáipéis lámhscríofa nó sínithe
- D’fhéadfadh cóipeanna ríomhphoist a bheith ann fiú tar éis don seoltóir nó don fhaighteoir a c(h)óip féin a scriosadh
- Is féidir rochtain mhíchuí a fháil ar theachtaireachtaí ríomhphoist nó iad a idircheapadh le linn tarchuir i ngan fhios don seoltóir, nó gan é a bheith údaraithe aige nó aici
- Tá sé de cheart ag soláthraithe seirbhíse ríomhphoist a gcórais féin a úsáid chun cartlannú a dhéanamh ar theachtaireachtaí ríomhphoist, agus iniúchadh a dhéanamh orthu
- Is leis an bhfostóir córais ríomhphoist san ionad oibre? agus bíonn siad faoi réir a n-iniúchta aige nó aici
- Is féidir le teachtaireachtaí ríomhphost víris ríomhaire a scaipeadh.

8. Tuigim gur féidir liom an tseirbhís teachtaireachta téacs agus/nó ríomhphoist a stopadh ag am ar bith trí theagmháil a dhéanamh leis an lialann agus fógra a thabhairt dóibh go bhfuil m’intinn athraithe agam.